Garth Brooks

Meánleibhéal 1 (B1)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin amhránaí ceoil tíre Garth Brooks, a mbeidh deich gceolchoirm aige in Éirinn an bhliain seo chugainn (*the country singer Garth Brooks, who'll be playing ten concerts in Ireland next year*). Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla stór focal freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
ceol amhránaí ceolchoirm	*fans*

1. Cén cineál ceoil a thaitníonn leat? Cén fáth?
   (Taitníonn popcheol / rac-cheol / ceol clasaiceach / rapcheol / ceol tíre liom mar …)
2. Cé hé nó cé hí an t-amhránaí is fearr leat? Nó cén banna ceoil is fearr leat?
   (Is é … an t-amhránaí is fearr liom. / Is í … an t-amhránaí is fearr liom. / Is breá liom an banna …)
3. An raibh tú riamh ag ceolchoirm mhór? Cé a bhí ag seinm? Conas a bhí sí?
   (Bhí. Chonaic mé … i … anuraidh. Bhí sí thar barr! / Ní raibh ach ba bhreá liom … a fheiceáil.)
4. An maith leat ceol tíre? An bhfuil cur amach agat ar aon amhránaí ceoil tíre?
   (Is breá liom é! / Ní maith liom é ar chor ar bith. / Tá cur amach agam ar …)



B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball beag. Abair amach os ard iad agus déan iarracht iad a fhuaimniú i gceart. Ní gá go mbeadh siad ar eolas agat go fóill.

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
ag filleadh fógartha mór le rá beartaithe an-tógtha le an dream aosta		lucht leanúna ag tabhairt aghaidh ar lán go béal ag cur … ar ceal ag gearradh an uair dheireanach	

Féach ar an mír den chéad uair anois agus cuir cluas ort féin do na focail sin.


2. Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, pléigí brí na bhfocal le chéile.

3. Cad is brí le gach focal nó frása thíos? Roghnaígí a, b nó c.

1. ag filleadh a. *returning* b. *touring* c. *retiring*	**2. fógartha** a. *postponed* b. *sold out* c. *announced*	**3. mór le rá** a. *very loud* b. *renowned* c. *big-headed*
4. beartaithe a. *sold out* b. *cancelled* c. *planned*	**5. an-tógtha le** a. *very taken with* b. *very tired of* c. *very annoyed with*	**6. an dream aosta** a. *the young crowd* b. *the whole family* c. *the older crowd*
7. lucht leanúna a. *fans* b. *organisers* c. *musicians*	**8. ag tabhairt aghaidh ar** a. *turning his back on* b. *taking to, heading for* c. *dancing on*	**9. lán go béal** a. *half empty* b. *full to the brim / packed* c. *very noisy*
10. ag cur … ar ceal a. *booking* b. *cancelling* c. *paying for*	**11. ag gearradh** a. *charging* b. *cutting prices* c. *offering*	**12. an uair dheireanach** a. *the first time* b. *the next time* c. *the last time*

Breacaigí isteach na leaganacha Béarla cearta sa tábla faoi cheist 1 thuas.

4. Beidh Garth Brooks ag seinm i gcúig chathair in Éirinn. Féach ar an léarscáil thíos. Scríobh ainm gach cathrach in aice leis an uimhir cheart. Téigh go dtí www.logainm.ie le bheith cinnte go bhfuil siad litrithe mar is ceart agat.



1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____

Ní bheidh Garth Brooks ag seinm i gceann amháin de na cathracha thuas an uair seo. Cén ceann? An bhfuil a fhios agat cén fáth?

C: TUISCINT

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cé mhéad ceolchoirm a bheidh ag Garth Brooks in Éirinn?

2. Cathain a bheidh na ceolchoirmeacha ar siúl?

3. Cé hiad na haoisghrúpaí a dtaitníonn Garth Brooks leo, dar le Jó Ní Chéide?
   A. Daoine óga amháin.
   B. An dream aosta amháin.
   C. Gach aoisghrúpa.

4. Cad atá speisialta faoi Garth Brooks, dar le Jó?

5. Beidh 50,000 duine i láthair gach oíche i Staid an Phiarsaigh.
   A. Fíor
   B. Bréagach
   C. Ní deirtear

6. Tá níos mó ná céad seomra in Óstán Bhóthar na Trá.
   A. Fíor
   B. Bréagach
   C. Ní deirtear

7. Cad a dhéanfaidh daoine mura bhfaighidh siad ticéid, dar le Peggy?

8. Cé mhéad euro atá roinnt óstán sa chathair ag gearradh ar sheomra anois?
   A. Níos lú ná €500 le haghaidh oíche amháin.
   B. Níos mó ná €500 le haghaidh oíche amháin.
   C. €500 le haghaidh dhá oíche.

9. Cathain a chuirfear na ticéid ar díol?



D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Na míonna agus na dátaí)

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Críochnaígí an tábla thíos leis an leagan cuí de gach mí tar éis an fhocail 'mí'. Bígí cúramach: corruair ní bhíonn aon athrú i gceist nó bíonn an t-alt (**an** nó **na**) ann. Is samplaí ón mír iad na cinn atá déanta.

An mhí	**mí + …**	**An mhí**	**mí + …**
Eanáir	*mí Eanáir*	Iúil	
Feabhra		Lúnasa	
Márta		Meán Fómhair	*mí Mheán Fómhair*
Aibreán		Deireadh Fómhair	
Bealtaine	*mí na Bealtaine*	Samhain	
Meitheamh	*mí an Mheithimh*	Nollaig	

b) Féachaigí ar an bpatrún seo. Cad is féidir libh a rá faoi na litreacha i gcló trom?

ar an **g**céad lá de m**h**í na Samhna

c) Seo dátaí na gceolchoirmeacha. Scríobhaigí na figiúirí i bhfocail. Tá an chéad cheann déanta.

Cathair	**Dáta**	**Beidh an cheolchoirm ar siúl …**
Béal Feirste	21/5	*… ar an aonú lá is fiche de mhí na Bealtaine*
Gaillimh	29/5	
Cill Chainnigh	4/6	
Luimneach	11/6	
Corcaigh	18/6	
Na ticéid	**Dáta**	**Beidh siad ar díol …**
ar díol	12/11	

d) Cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile:

- Cathain atá do bhreithlá? *(Tá mo bhreithlá ar an … de mhí …)*
- Cathain a bhíonn Lá Fhéile Pádraig, Oíche Shamhna agus Lá Nollag ann?
- Cén dáta atá ann inniu?
- Cén mhí is fearr leat? Cén fáth?
- Cathain a bhí tú ag ceolchoirm an uair dheireanach? *(Bhí mé ag ceolchoirm i mí …)*

e) Seasaigí i líne de réir bhur mbreithlaethanta, ó mhí Eanáir go mí na Nollag.

E: CUMARSÁID

1: Caint – Rólghníomhaíocht: Ag dul chuig ceolchoirm

Bígí ag obair i mbeirteanna agus tugaigí faoi na rólghníomhaíochtaí thíos.

- Gheobhaidh Duine A **Cárta A** agus gheobhaidh Duine B **Cárta B** ón múinteoir. Ná taispeánaigí bhur gcártaí dá chéile!
- Léigh do chárta. Tá nóiméad amháin agat.
- Cuireann Duine B ceisteanna ar Dhuine A faoin gceolchoirm ar **Chárta A**. Baineann Duine A úsáid as an eolas ar **Chárta A** chun na ceisteanna a fhreagairt.
- Malartaígí róil: cuireann Duine A na ceisteanna céanna ar Dhuine B.

Seo thíos tús na gceisteanna. Bígí cúramach leis an aimsir fháistineach agus leis na dátaí!

An cheist
Cé
Cá
Cathain
Cén t-am
Cé mhéad
Cé
Cá



2: Scríobh

Cheannaigh tú dhá thicéad do cheolchoirm. Scríobh teachtaireacht (thart ar 10 líne) chuig cara leat, ag tabhairt cuireadh dó/di teacht leat. Inis dó/di:

- cé a bheidh ag seinm agus an fáth a dtaitníonn an ceol sin leat
- an dáta, an t-am agus an áit (bí cúramach leis na dátaí!)
- conas a rachaidh sibh ann agus cá bhfanfaidh sibh
- cé mhéad a chosnaíonn na ticéid

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

AN TRAS-SCRÍBHINN

Eimear Ní Chonaola
Tá an t-amhránaí ceoil tíre, Garth Brooks, le filleadh ar Éirinn an bhliain seo chugainn. Tá deich gcinn de cheolchoirmeacha fógartha aige do chúig chathair: Béal Feirste, Gaillimh, Cill Chainnigh, Luimneach agus Corcaigh i mí Bealtaine agus mí an Mheithimh seo chugainn.

Patrick Mac Fhionnlaoich
Callin' Baton Rouge. Tá an ceoltóir mór le rá, Garth Brooks, ag déanamh a bhealaigh ar ais go hoileán na hÉireann an bhliain seo chugainn agus deich gceolchoirm fógartha aige. Beidh sé ag seinm deich gceolchoirm i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh seo chugainn agus dhá cheolchoirm beartaithe aige i ngach ceann. Ina measc tá Béal Feirste, Gaillimh, Cill Chainnigh, Luimneach agus Corcaigh.

Jó Ní Chéide, Láithreoir 'An Bóthar go Nashville' ar Raidió na Gaeltachta
Tá chuile[1] aoisghrúpa an-tógtha le Garth Brooks, ón dream óg go dtí an dream aosta, agus rud atá speisialta faoi ná go dtuigeann sé céard atá uainn. Tuigeann sé céard atá ó lucht leanúna an cheoil tíre.

Patrick Mac Fhionnlaoich
Is anseo i Staid an Phiarsaigh a bheas[2] an fear mór le rá ag tabhairt aghaidh ar an ardán ar feadh dhá oíche ag deireadh mhí na Bealtaine, 2027. Meastar go mbeidh níos mó ná 30,000 duine i láthair achan[3] oíche agus gan dabht beidh an lucht leanúna ag líonadh an aeir lena chuid amhrán ar nós *The River* agus – gan amhras ar bith – *Friends in Low Places*. Ó fógraíodh na dátaí ar maidin, tá óstáin ar fud chathair na Gaillimhe lán go béal cheana féin.

Peggy Ní Mhaoilchiaráin, Óstán Bhóthar na Trá
Nuair a tháinig mise isteach ar maidin thosaigh an fón ag ringeáil[4] an t-am sin. *So* b'fhéidir, faoi cheann timpeall a deich, a haon déag, bhí an t-óstán lán agus an dá óstán sa mbaile mór[5], iad féin lán mar gheall…tá sé, níl sé, tá tú in ann bus a fháil. Is dócha go mbeidh *waiting list* ar bun *but* … tá a fhios agat féin, má fhaigheann na daoine, b'fhéidir nach mbeadh na ticéid … nuair a ghabhfas[6] na ticéid suas beidh *demand* mór uathu. *So I suppose* ansin ceapaim mura ngeobhaidh[7] daoine iad, beidh siad ag cur ceal ar[8] na seomraí.

Patrick Mac Fhionnlaoich
Tá ardú tagtha ar phraghsanna lóistín sa chathair chomh maith agus tá roinnt óstán anois ag gearradh níos mó ná €500 ar sheomra ar feadh oíche amháin. Ba i mí Mheán Fómhair 2022 a sheinn sé in Éirinn an uair dheireanach nuair a bhí cúig cheolchoirm aige i bPáirc an Chrócaigh.

Cuirfear na ticéid do na ceolchoirmeacha ar fad ar díol Déardaoin seo chugainn, ag a hocht a chlog ar maidin.

Patrick Mac Fhionnlaoich, Nuacht TG4

---

[1] chuile = leagan canúnach de 'gach uile'
[2] a bheas = 'a bheidh'
[3] achan = leagan canúnach de 'gach'
[4] ag ringeáil = ag bualadh (fón)
[5] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.
[6] a ghabhfas = 'a ghabhfaidh'
[7] mura ngeobhaidh = mura bhfaighidh
[8] ag cur ceal ar na seomraí = 'ag cur na seomraí ar ceal'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Mura bhfuil cur amach ag na foghlaimeoirí ar Garth Brooks nó ar cheol tíre, seinn cúpla soicind de *Friends in Low Places* dóibh. Spreag iad chun labhairt fúthu féin agus faoin gceol a thaitníonn leo.

B: FOCLÓIR

1. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leis na foghlaimeoirí le haon deacracht foghraíochta a bheadh acu. Ná tabhair na leaganacha Béarla do na foghlaimeoirí go fóill. Abair leo go gcuideoidh comhthéacs na míre leo na focail a thuiscint.
2. Tabhair deis do gach beirt na focail a phlé le chéile tar éis na chéad féachana agus brí na bhfocal a dhéanamh amach le chéile.

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
ag filleadh	*returning*	lucht leanúna	*fans, followers*
fógartha	*announced*	ag tabhairt aghaidh ar	*taking to (the stage)*
mór le rá	*famous, renowned*	lán go béal	*full to the brim, packed*
beartaithe	*planned*	ag cur … ar ceal	*cancelling*
an-tógtha le	*very taken with*	ag gearradh	*charging*
an dream aosta	*the older crowd*	an uair dheireanach	*the last time*

3. Abair leo an tábla a líonadh. Bí cinnte ag an deireadh go bhfuil na leaganacha cearta Béarla scríofa acu sna colúin chuí i gceist 1.

   Freagraí: **1** a, **2** c, **3** b, **4** c, **5** a, **6** c, **7** a, **8** b, **9** b, **10** b, **11** a, **12** c

   Bí cúramach le huimhir 11: ciallaíonn **ag gearradh** *cutting* de ghnáth, ach sa chomhthéacs seo (**ag gearradh níos mó ná €500 ar sheomra**) ciallaíonn sé *charging*.

4. Freagraí: **1** Corcaigh, **2** Béal Feirste, **3** Luimneach, **4** Baile Átha Cliath, **5** Gaillimh, **6** Cill Chainnigh. Ní bheidh sé ag seinm i mBaile Átha Cliath an uair seo. In 2014, bhí cúig cheolchoirm beartaithe aige i bPáirc an Chrócaigh ach cuireadh ar ceal iad ar fad nuair nár ceadaíodh ach trí cinn acu. Sheinn sé cúig cheolchoirm ann, ar deireadh, in 2022.

C: TUISCINT

Freagraí:

1. Cé mhéad ceolchoirm a bheidh ag Garth Brooks in Éirinn?
Deich gcinn (dhá cheolchoirm i ngach ceann de chúig chathair).
2. Cathain a bheidh na ceolchoirmeacha ar siúl?
I mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh seo chugainn.
3. Cé hiad na haoisghrúpaí a dtaitníonn Garth Brooks leo, dar le Jó Ní Chéide?
C
4. Cad atá speisialta faoi Garth Brooks, dar le Jó?
Tuigeann sé cad atá ó lucht leanúna an cheoil tíre / tuigeann sé céard atá uathu.
5. Beidh 50,000 duine i láthair gach oíche i Staid an Phiarsaigh.
B. Beidh níos mó ná 30,000 duine i láthair gach oíche.
6. Tá níos mó ná céad seomra in Óstán Bhóthar na Trá.
C
7. Cad a dhéanfaidh daoine mura bhfaighidh siad ticéid, dar le Peggy?
Cuirfidh siad na seomraí ar ceal.
8. Cé mhéad euro atá roinnt óstán sa chathair ag gearradh ar sheomra anois?
B
9. Cathain a chuirfear na ticéid ar díol?
Ar an Déardaoin seo chugainn, ag a hocht a chlog ar maidin.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Na míonna agus na dátaí)

a) Freagraí:

An mhí	**mí + …**	**An mhí**	**mí + …**
Eanáir	*mí Eanáir*	Iúil	*mí Iúil*
Feabhra	*mí Feabhra*	Lúnasa	*mí Lúnasa*
Márta	*mí an Mhárta*	Meán Fómhair	*mí Mheán Fómhair*
Aibreán	*mí Aibreáin*	Deireadh Fómhair	*mí Dheireadh Fómhair*
Bealtaine	*mí na Bealtaine*	Samhain	*mí na Samhna*
Meitheamh	*mí an Mheithimh*	Nollaig	*mí na Nollag*

b) Iarr orthu na hathruithe a phlé agus a mhíniú. Ba cheart dóibh na pointí seo a thabhairt faoi deara:

ar an + urú: ar an **gc**éad lá, ar an **gc**eathrú lá, ar an **bhf**ichiú lá
de + séimhiú: de m**hí** na Samhna, de m**hí** Iúil, de m**hí** Mheán Fómhair

Cuirtear urú ar an orduimhir i ndiaidh ‘ar an’ (réamhfhocal + an t-alt): ar an gcéad lá; ar an gceathrú lá; ar an bhfichiú lá. I gcanúint Uladh, séimhiú a chloistear: ar an chéad lá. Ní chuirtear urú ar ‘d’ ná ‘t’ (ar an dara lá, ar an tríú lá) agus imíonn an ‘t-’ roimh ghuta (‘an t-ochtú lá’ ach ‘ar an ochtú lá’). Séimhítear ‘mí’ i ndiaidh ‘de’: de mhí na Samhna.

c) Bí cinnte go bhfuil na horduimhreacha ar eolas acu sula dtugann siad faoi (c). Tarraing a n-aird go háirithe ar 11ú, 21ú agus 31ú: is é an t-aonú (seachas an chéad) a úsáidtear iontu, agus bíonn **t-** roimh an ghuta: an t-aonú lá déag, an t-aonú lá is fiche, an t-aonú lá is tríocha. Tar éis **ar an**, imíonn an **t-**: ar an aonú lá is fiche.

1ú	an chéad lá	**7ú**	an seachtú lá	**13ú**	an tríú lá déag
2ú	an dara lá	**8ú**	an t-ochtú lá	**20ú**	an fichiú lá
3ú	an tríú lá	**9ú**	an naoú lá	**21ú**	an t-aonú lá is fiche
4ú	an ceathrú lá	**10ú**	an deichiú lá	**22ú**	an dara lá is fiche
5ú	an cúigiú lá	**11ú**	an t-aonú lá déag	**30ú**	an tríochadú lá
6ú	an séú lá	**12ú**	an dara lá déag	**31ú**	an t-aonú lá is tríocha

Freagraí:

Cathair	**Dáta**	**Beidh an cheolchoirm ar siúl …**
Béal Feirste	21/5	*… ar an aonú lá is fiche de mhí na Bealtaine*
Gaillimh	29/5	*… ar an naoú lá is fiche de mhí na Bealtaine*
Cill Chainnigh	4/6	*… ar an gceathrú lá de mhí an Mheithimh*
Luimneach	11/6	*… ar an aonú lá déag de mhí an Mheithimh*
Corcaigh	18/6	*… ar an ochtú lá déag de mhí an Mheithimh*
Na ticéid	**Dáta**	**Beidh siad ar díol …**
ar díol	12/11	*… ar an dara lá déag de mhí na Samhna*

d) Plé atá anseo chun na dátaí a chleachtadh.
e) Nuair atá siad ina seasamh sa líne, iarr ar gach duine a mbreithlá a rá os ard chun an t-ord a sheiceáil (*Tá mo bhreithlá ar an …*).

E: CUMARSÁID

1: Caint – Rólghníomhaíocht: Ag dul chuig ceolchoirm

Tá an ghníomhaíocht seo bunaithe ar Chuid 2 de scrúdú cainte TEG Meánleibhéal 1 (B1). Sa scrúdú, faigheann an t-iarrthóir cárta agus timpeall nóiméad amháin chun é a léamh. Ar dtús, cuireann an scrúdaitheoir ceisteanna air nó uirthi faoin eolas ar an gcárta, agus ansin cuireann an t-iarrthóir na ceisteanna céanna ar an scrúdaitheoir faoi chárta eile.

Priontáil an leathanach deireanach agus gearr amach na cártaí. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna. Tabhair Cárta A do Dhuine A agus Cárta B do Dhuine B, agus nóiméad amháin dóibh iad a léamh. Abair leo abairtí iomlána a úsáid seachas focail aonair (**Beidh sí ar siúl ar an tríochadú lá de mhí na Bealtaine** seachas ***30/5***). Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leis an aimsir fháistineach agus leis na dátaí. Is féidir leo róil a mhalartú agus é a dhéanamh arís. Sampla:

B: Cé a bheidh ag seinm?
A: Beidh Garth Brooks ag seinm. Is amhránaí ceoil tíre é.

B: Cá mbeidh an cheolchoirm ar siúl?
A: Beidh an cheolchoirm ar siúl i Staid an Phiarsaigh i nGaillimh.

B: Cathain a bheidh an cheolchoirm ar siúl?
A: Beidh sí ar siúl ar an tríochadú lá de mhí na Bealtaine.

B: Cén t-am a thosóidh sí?
A: Tosóidh sí ar a sé a chlog.

B: Cé mhéad atá ar na ticéid?
A: Céad caoga a sé euro an ceann.

B: Cé a bheidh leat?
A: Beidh mo dheirfiúr liom.

B: Cá bhfanfaidh sibh?
A: Fanfaidh muid i dteach lóistín i mBóthar na Trá.

2: Scríobh

Abair leo an teachtaireacht a scríobh. Freagra samplach:

A Sheáin, a chara,
Cén chaoi a bhfuil tú? Fuair mé dhá thicéad do cheolchoirm Garth Brooks i nGaillimh! Beidh sí ar siúl ar an tríochadú lá de mhí na Bealtaine i Staid an Phiarsaigh, agus tosóidh sí ar a sé a chlog. Ar mhaith leat teacht liom? Cosnaíonn na ticéid €156 an ceann ach is cuma liom: is é Garth an t-amhránaí is fearr liom! Rachaimid ann ar an mbus ó Bhaile Átha Cliath agus fanfaimid i dteach lóistín ar Bhóthar na Trá. Beidh an-chraic againn!
Tar ar ais chugam chomh luath agus is féidir!
Máire

Cuir béim ar na dátaí agus ar an aimsir fháistineach (*beidh, tosóidh, rachaimid, fanfaimid*).

3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

CÁRTAÍ RÓLGHNÍOMHAÍOCHTA

Don mhúinteoir: priontáil an leathanach seo agus gearr amach na cártaí. Tabhair Cárta A do Dhuine A agus Cárta B do Dhuine B.

CÁRTA A

Ceolchoirm Garth Brooks

Rachaidh tú chuig ceolchoirm an samhradh seo chugainn.

Ceoltóir?	Garth Brooks (ceol tíre)
Áit?	Staid an Phiarsaigh, Gaillimh
Dáta?	30/5
Am?	18:00
Ticéid?	€156 x 2
Cé?	do dheirfiúr
Lóistín?	teach lóistín, Bóthar na Trá

✂

CÁRTA B

Ceolchoirm Na Míolta Móra

Rachaidh tú chuig ceolchoirm an samhradh seo chugainn.

Ceoltóir?	Na Míolta Móra (banna rac)
Áit?	Páirc Uí Chaoimh, Corcaigh
Dáta?	14/8
Am?	19:30
Ticéid?	€85 x 3
Cé?	beirt chairde ón obair
Lóistín?	óstán sa chathair (€220 an oíche!)